An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

Uimhir Chiorcláin: 0084/2026

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na Scoileanna Speisialta, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha atá aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Féinmheastóireacht Scoile (FMS): An Chéad Chéim Eile

1. Réamhrá

Leagtar amach sa chiorclán seo an chéad chéim eile i bhforbairt na Féinmheastóireachta Scoile (FMS), rud a thosóidh i mí na Samhna 2026. Glacann sé ionad Chiorclán 0056/2022.

Léirítear sa chiorclán seo an taithí a ghnóthaigh scoileanna thar bhreis agus deich mbliana den fhéinmheastóireacht. Aithnítear ann an acmhainn atá ann anois laistigh de scoileanna chun feabhsúchán a threorú agus a chothú.

Ó tugadh isteach é sa bhliain 2012 i leith, tá FMS tar éis teacht chun bheith ina gné bhunaithe de shaol na scoile agus ina cuid dhílis d'fheabhsúchán leanúnach scoile. D'fhorbair a lán scoileanna saineolas suntasach ar an bhféinmheastóireacht a úsáid chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc, chun ceannaireacht a neartú, agus chun freagairt do riachtanais a bpobal scoile féin.

Tugtar isteach leis an gciorclán seo, ag tógáil dó ar na bunúis láidre sin, socruithe athbhreithnithe lena dtugtar níos mó solúbthachta do scoileanna

maidir le FMS a eagrú, agus na prionsabail atá mar bhonn faoin bpróiseas ón uair a tugadh isteach é i leith á gcoinneáil ar bun ag an am céanna. Tá an cur chuige athbhreithnithe beartaithe chun cáilíocht agus tionchar na féinmheastóireachta a neartú, chun tacú le scoileanna freagairt go muiníneach dá gcomhthéacsanna féin, agus chun an caidreamh comhlántach idir meastóireacht inmheánach agus meastóireacht sheachtrach a threisiú. I gcás scoileanna atá sa chlár DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna), tá an próiseas FMS comhtháite laistigh den phróiseas pleanála gníomhaíochta DEIS. Is é an plean gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin plean na scoile le haghaidh féinmheastóireachta agus feabhsúcháin.

Ba cheart spriocanna agus gníomhartha faoi gach ceann de phríomhthéamaí DEIS a bheith i bpleananna gníomhaíochta DEIS le haghaidh feabhsúcháin: torthaí litearthachta, torthaí uimhearthachta, tinreamh, coinneáil, aistrithe, rannpháirtíocht tuismitheoirí agus pobail, agus gnóthachtáil scrúduithe. Is príomhghnéithe den soláthar iad na téamaí sin, agus tá siad ríthábhachtach chun torthaí rathúla a bhaint amach san oideachas. Ar an gcúis sin, ba cheart do scoileanna pleanáil a dhéanamh ar fud na dtéamaí sin chun a chinntiú go ndéanfar foghlaimeoirí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu in aon téama ar leith a shainaithint agus go dtacófar leo.

Ba cheart do scoileanna lán-Ghaeilge a chinntiú go gcuirfear san áireamh go cuí ina bpróisis FMS a gcomhthéacsanna teangeolaíocha agus oideachasúla, lena n-áirítear cáilíocht an tumoideachais agus forbairt inniúlachta sa Ghaeilge ag foghlaimeoirí. Ba cheart do scoileanna atá ag glacadh páirt sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG) aird a thabhairt freisin ar chuspóirí na scéime agus ar a critéir theangabhunaithe.

Príomhphointí do scoileanna

- Tá FMS ina chuid dhílis de phróisis phleanála agus feabhsúcháin reatha na scoileanna.
- Ó mhí na Samhna 2026 ar aghaidh, beidh an tsolúbthacht ag scoileanna maidir leis an gcaoi a ndéanann siad féinmheastóireacht scoile (FMS) a eagrú agus é de rogha acu úsáid a bhaint as timthriall bliantúil feabhsúcháin san áireamh.
- Féadfaidh scoileanna leanúint le haghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí feabhsúcháin thar roinnt blianta i gcás gur cuí.
- I gcás scoileanna atá sa chlár DEIS, déantar athbhreithniú gach bliain ar an bPlean Gníomhaíochta DEIS le haghaidh Feabhsúcháin, ar plean trí bliana é.
- Ba cheart an doiciméadacht a bheith comhréireach i gcónaí.
- Féadfaidh scoileanna aird a thabhairt ar threochtaí níos leithne sa chóras oideachais agus ar mholtaí le haghaidh feabhsúcháin mar atá leagtha amach sa *Tuarascáil Bhliantúil agus Athbhreithniú Téamach* ón gCigireacht.
- Coinníonn scoileanna an tsolúbthacht chun tosaíochtaí a chinneadh bunaithe ar a gcomhthéacs féin.

2. Tógáil ar chleachtas bunaithe

Le linn timthriallta FMS i ndiaidh a chéile, neartaigh a lán scoileanna a n-acmhainn chun tosaíochtaí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithint, chun athruithe a chur chun feidhme, agus chun a dtionchar ar eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí a mheasúnú.

Is próiseas bunaithe anois í an FMS. Is é an tosaíocht a cháilíocht agus a thionchar a neartú trí fhéinmheastóireacht a leabú tuilleadh isteach i ngnáthobair laethúil scoileanna. De réir mar a leanann scoileanna le gabháil d'fhorbairtí suntasacha ar fud an chórais oideachais, lena n-áirítear athfhorbairt an churaclaim, tá an FMS ina creat solúbtha trínar féidir leo na feabhsúcháin is ábhartha dá gcomhthéacsanna féin a shainaithint, a chur chun feidhme, agus a athbhreithniú.

Baintear an leas is fearr as an bhféinmheastóireacht scoile nuair atá sí comhoibríoch agus nuair atá sí bunaithe ar dhearcthaí an phobail scoile chun fís chomhchoiteann a chruthú le haghaidh feabhsúchán leanúnach. Cuireann caidreamh fiúntach le foghlaimeoirí agus le tuismitheoirí leis an bpróiseas agus aithnítear leis an rannchuidiú luachmhar is féidir leo a dhéanamh maidir le tosaíochtaí a shainaithint, le gníomhartha a mhúnlú, agus lena dtionchar a mheas.

Ní thugtar isteach leis an gcéad chéim eile seo aon chur chuige nua i leith FMS ná ní athraítear cuspóir an phróisis léi. Ina ionad sin, soláthraítear léi cur chuige níos solúbtha trínar féidir le scoileanna an fhéinmheastóireacht a leabú mar phróiseas comhoibríoch agus fianaisebhunaithe le haghaidh feabhsúchán leanúnach.

3. Tosaíochtaí a shainaithint agus pleanáil le haghaidh feabhsúcháin

Is é an cuspóir atá leis an FMS ná tacú le scoileanna feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht an oideachais a sholáthraíonn siad do gach foghlaimeoir.

Cuirtear ar chumas scoileanna léi:

- fianaise a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a gcleachtas;
- tosaíochtaí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithint;

- gníomhartha cuí a chur chun feidhme; agus
- meastóireacht a dhéanamh ar a dtionchar le himeacht ama.

Is é is FMS ann ná próiseas leanúnach struchtúrtha fiosrúcháin trína sainaithníonn scoileanna láidreachtaí, trína gcinneann siad tosaíochtaí le haghaidh feabhsúcháin, trína gcuireann siad gníomhartha chun feidhme, agus trína n-athbhreithníonn siad a dtionchar ar eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí.

Ba cheart an FMS a bheith leabaithe i gcleachtas gairmiúil leanúnach na scoile. Le FMS, tacaítear le breithiúnas gairmiúil fianaisebhunaithe maidir leis an bhfoghlaim, leis an teagasc, leis an measúnacht, leis an ionchuimsiú, leis an bhfolláine, leis an gceannaireacht, agus le gnéithe eile de shaol na scoile a mbíonn tionchar acu ar eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí.

Ba cheart do scoileanna tosaíochtaí a shainaithint agus aird á tabhairt ar a gcomhthéacs féin, ar riachtanais a bhfoghlaimeoirí, agus ar thosaíochtaí náisiúnta ábhartha. Tá *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022* ina chreat cáilíochta ar féidir le scoileanna é a úsáid chun breithiúnais a dhéanamh faoina gcleachtas le linn an phróisis sin. Cé go bhféadfadh a lán scoileanna gnéithe d'achtáil curaclaim a shainaithint mar thosaíochtaí sna blianta amach romhainn, ba cheart dóibh an tsolúbthacht a choinneáil chun na réimsí is dóichí a fheabhsóidh eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí ina suíomhanna féin a chinneadh.

Tá an próiseas seanbhunaithe FMS sé chéim fós ina chreat luachmhar le haghaidh feabhsúchán a phleanáil, a chur chun feidhme, agus a athbhreithniú. Is féidir le scoileanna an próiseas sin nó cineálacha eile cur chuige a úsáid go solúbtha laistigh de thimthriall leanúnach ina bhfuil bailiú fianaise, athmhachnamh, pleanáil, gníomhaíocht, faireachán, agus athbhreithniú. Tá an bhéim fós ar cháilíocht an idirphlé ghairmiúil, ar éifeachtacht na ngníomhartha feabhsúcháin agus ar an tionchar atá acu ar eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí,

in ionad an bhéim a bheith ar chloí le seicheamh forordaithe gníomhaíochtaí nó ar scoileanna a theorannú don aon chur chuige amháin.

Ó mhí na Samhna 2026 ar aghaidh, féadfaidh scoileanna rogha a dhéanamh FMS a eagrú trí úsáid a bhaint as timthriall bliantúil feabhsúcháin. Leis an gcur chuige sin, cuirtear ar chumas scoileanna athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar dhul chun cinn agus a chinneadh, trí bhreithiúnas gairmiúil fianaisebhunaithe, ar cheart leanúint leis na tosaíochtaí sainaitheanta agus leis na gníomhartha sainaitheanta, ar cheart iad a bheachtú, nó ar cheart iad a chur i gcrích.

Níor cheart timthriall bliantúil a léirmhíniú mar rud a dhéanann an obair feabhsúcháin a theorannú do scoilbhliain amháin. Beidh gá le haird leanúnach a thabhairt ar a lán tosaíochtaí le himeacht ama, go háirithe na cinn sin a bhaineann le hachtáil curaclaim, leis an ionchuimsiú, agus leis an bhfolláine. Is deis struchtúrtha é timthriall bliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus na chéad chéimeanna eile cuí a chinneadh, á aithint gurb incriminteach agus marthanach a bhíonn feabhsúchán fiúntach ina lán cásanna.

Leis na socruithe athbhreithnithe, cuirfear níos mó solúbthachta, comhréireachta, cleachtais fhianaisebhunaithe, comhoibrithe, feabhsúcháin fhoghlaimeoirláraithe, agus comhleanúnachais chun cinn. Is é an toradh atá ar FMS a chomhtháthú le gníomhaíochtaí pleanála, foghlama gairmiúla agus feabhsúcháin atá ann cheana ná go laghdaítear dúbailt neamhriachtanach agus go dtacaítear le cur chuige níos comhleanúnaí i leith feabhsúchán scoile.

Ba cheart do scoileanna leanúint le sainaithint a dhéanamh ar na tosaíochtaí sin is dóichí a fheabhsóidh eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí, agus aird á tabhairt ar a gcomhthéacs féin, ar a gcéim forbartha, agus ar thosaíochtaí náisiúnta ábhartha amhail an clár DEIS, lena ndírítear ar dhul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachasúil comhchruinnithe. Ní hé cuspóir na chéad chéime eile

seo próisis bhreise a thabhairt isteach. Ina ionad sin, is é a cuspóir ná feabhsúchán fianaisebhunaithe a neartú laistigh de chreat níos solúbtha.

De réir mar a leanann scoileanna le gabháil d'athfhorbairt curaclaim, d'fhéadfadh an-chuid díobh gnéithe d'achtáil curaclaim a shainaithint mar thosaíochtaí don FMS. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin eispéiris foghlaimeoirí ar fud an churaclaim, cineálacha cur chuige oideolaíoch, cleachtais mheasúnachta, agus pleanáil le haghaidh dul chun cinn. Tá an FMS ina sásra tábhachtach trínar féidir le scoileanna pleanáil le haghaidh an tionchair a bhíonn ag achtáil curaclaim ar eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcéanna.

Níor cheart féachaint ar achtáil curaclaim mar dhíriú aonair nó forordaithe na FMS. Coinneoidh scoileanna an tsolúbthacht chun sainaithint a dhéanamh ar na tosaíochtaí sin is dóichí a chuirfidh feabhas ar eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí ina suíomhanna féin.

4. Bailiú fianaise

Ba cheart do scoileanna leas a bhaint as raon cuí fianaise, lena n-áirítear eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí, teagasc agus foghlaim, faisnéis mheasúnachta, rannpháirtíocht foghlaimeoirí agus tuismitheoirí, tinreamh, folláine, ionchuimsiú, agus pleanáil scoile. Sa chás is fearr, ba cheart idirphlé gairmiúil agus athmhachnamh comhoibríoch ar an bhfianaise sin a bheith mar bhonn eolais faoi chinntí maidir le tosaíochtaí le haghaidh feabhsúcháin.

5. Timthriall bliantúil feabhsúcháin

Ó mhí na Samhna 2026 ar aghaidh, beidh an tsolúbthacht ag scoileanna maidir leis an gcaoi ina ndéanann siad FMS a eagrú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as timthriall bliantúil feabhsúcháin.

Soláthraítear creat le timthriall bliantúil trínar féidir le scoileanna feabhsúchán a phleanáil, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh air. Cuirtear ar chumas scoileanna leis breithniú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhartha feabhsúcháin, freagairt don fhianaise atá ag teacht chun cinn, agus na chéad chéimeanna eile cuí a chinneadh

Ag deireadh gach timthrialla, ba cheart do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus a chinneadh ar baineadh na tosaíochtaí amach, an bhfuil gá le tuilleadh forbartha ina leith, nó ar cheart tosaíochtaí nua a chur ina n-ionad. Le gach timthriall, ba cheart tacú le hathmhachnamh gairmiúil agus le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, rud a chuirfidh ar chumas scoileanna a chinneadh ar cheart leanúint leis an ngníomhaíocht feabhsúcháin, ar cheart í a bheachtú, nó ar cheart í a chur i gcrích.

Léirítear FMS éifeachtach i gcáilíocht an idirphlé ghairmiúil, i gcinnteoireacht fhianaisebhunaithe, agus i bhfeabhsúchán ar eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí.

6. Féinmheastóireacht scoile a thaifeadadh

Is é an cuspóir atá leis an taifeadadh ná tacú le hathmhachnamh gairmiúil agus le meastóireacht ghairmiúil.

Ba cheart do scoileanna taifead achomair comhréireach a choinneáil ar a FMS, ar taifead é lena dtacaítear le cinnteoireacht chomhoibríoch, le leanúnachas na hoibre feabhsúcháin, le faireachán, agus le hathbhreithniú. Ba cheart príomhchinntí agus gníomhartha comhaontaithe agus a dtionchar le himeacht ama a dhoiciméadú sa taifead.

Níor cheart do scoileanna doiciméadacht neamhriachtanach a chruthú ná faisnéis atá ar fáil cheana féin trí phróisis phleanála agus athbhreithnithe reatha a dhúbailt. I gcás gur cuí, féadfar FMS a chuimsiú sa doiciméadacht scoile atá ann cheana.

Ar a laghad, ba cheart do scoileanna an méid seo a leanas a thaifeadadh:

- an tosaíocht nó na tosaíochtaí arna sainaithint le haghaidh feabhsúcháin;
- an fhianaise atá mar bhonn eolais faoi na tosaíochtaí sin;
- na spriocanna agus na gníomhartha arna gcomhaontú;
- socruithe le haghaidh faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn;
- torthaí an athbhreithnithe; agus
- cinntí maidir le gníomhartha ina dhiaidh sin.

7. Meastóireacht inmheánach agus meastóireacht sheachtrach

Is é atá sa mheastóireacht inmheánach agus sa mheastóireacht sheachtrach ná próisis chomhlántacha lena dtacaítear le feabhas leanúnach ar cháilíocht an oideachais a sholáthraítear d'fhoghlaimeoirí.

Leis an FMS, cuirtear ar chumas scoileanna meastóireacht a dhéanamh ar a gcleachtas féin, tosaíochtaí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithint, gníomhartha le haghaidh athruithe a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhartha sin. Le meastóireacht sheachtrach, soláthraítear measúnú neamhspleách ar an soláthar oideachais, aithnítear cleachtas éifeachtach, sainaithnítear réimsí le haghaidh forbartha, agus rannchuidítear le muinín an phobail as an gcóras oideachais. Déanann sí amhlaidh ar leibhéal na scoile aonair agus ar leibhéal an chórais araon trí na cinntí tiomsaithe meastóireachta sa *Tuarascáil Bhliantúil agus Athbhreithniú Téamach* ón gCigireacht.

Tá an mheastóireacht inmheánach agus an mheastóireacht sheachtrach mar bhonn eolais faoina chéile agus neartaíonn siad a chéile. Le *Ráiteas Straitéise na Cigireachta 2026-2029*, gealltar an t-ailíniú idir próisis meastóireachta inmheánaí agus próisis meastóireachta seachtraí a neartú chun tacú le

scoileanna agus suíomhanna acmhainn ar son feabhsúchán leanúnach a fhorbairt. Tríd an FMS, forbraíonn scoileanna tuiscint níos doimhne ar a gcomhthéacs, ar a láidreachtaí, ar na dúshláin atá le sárú acu, agus ar a tosaíochtaí le haghaidh feabhsúcháin. Le meastóireacht sheachtrach, tugtar dearcadh neamhspleách atá bunaithe ar shaineolas gairmiúil, ar thosaíochtaí náisiúnta, ar chreataí cáilíochta, agus ar fhianaise arna bailiú le linn cigireachta.

Is cuid thábhachtach den chomhthéacs ina ndéantar meastóireacht sheachtrach í an FMS. Féadfaidh cigirí próisis féinmheastóireachta na scoile agus an fhianaise a eascraíonn astu a bhreithniú, lena n-áirítear, i gcás gurb ábhartha, an dóigh a léirítear tosaíochtaí sainaitheanta na scoile sa chleachtas agus a mhéid a bhíonn siad ag rannchuidiú le feabhsúchán. Le meastóireacht inmheánach agus le meastóireacht sheachtrach araon, rannchuidítear le tuiscint níos saibhre ar chomhthéacs na scoile, ar a hacmhainn le haghaidh athmhachnaimh, ar a feabhsúchán, agus ar a forbairt leanúnach.

Ag an am céanna, níl an chigireacht teoranta do na tosaíochtaí arna sainaithint trí FMS. I gcigireacht, déantar meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i gcomparáid le creataí ábhartha, le caighdeáin ábhartha, agus le hionchais bheartais ábhartha. D'fhéadfadh go sainaithneofaí inti láidreachtaí breise, réimsí le haghaidh forbartha, nó gnéithe den chleachtas a dteastaíonn tuilleadh breithnithe ina leith, agus an comhthéacs oideachasúil ar leith atá ag an scoil á chur san áireamh.

Ba cheart do scoileanna úsáid a bhaint as cinntí na meastóireachta seachtraí mar chuid dá bpróisis leanúnacha féinmheastóireachta agus feabhsúcháin. Le chéile, is féidir leis an meastóireacht inmheánach agus leis an meastóireacht sheachtrach cleachtas athmhachnaimh a chur chun cinn, tacú le feabhsúchán fianaisebhunaithe, agus rannchuidiú le heispéiris agus torthaí feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí.

8. Foghlaim ghairmiúil agus tacaí gairmiúla

Neartaítear FMS éifeachtach trí fhoghlaim ghairmiúil leanúnach, trí chomhoibriú, agus trí athmhachnamh. Ba cheart do scoileanna leanúint le bheith rannpháirteach sna deiseanna foghlama gairmiúla, le bheith ag plé le treoir agus leis na hacmhainní a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Óige agus a cuid seirbhísí tacaíochta chun an teagasc, an fhoghlaim, an mheasúnacht, an cheannaireacht, an t-ionchuimsiú, an fholláine, agus achtáil curaclaim a neartú.

Leanfaidh Oide agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) le tacaíocht a thabhairt do scoileanna ina rannpháirtíocht sa phróiseas FMS. Soláthrófar sa *Tuarascáil Bhliantúil agus Athbhreithniú Téamach* ón gCigireacht cinntí tiomsaithe meastóireachta agus léargais thiomsaithe mheastóireachta chun athmhachnamh a spreagadh.


9. Tosach feidhme

Beidh feidhm ag na socruithe atá leagtha amach sa chiorclán seo ó mhí na Samhna 2026 ar aghaidh. Tagann siad in ionad na socruithe a bhí ann roimhe seo maidir le timthriallta FMS, agus prionsabail bhunaithe agus cuspóir bunaithe na FMS á gcoinneáil ar bun ag an am céanna.

Ba cheart do scoileanna na socruithe athbhreithnithe a úsáid agus FMS á pleanáil, á cur chun feidhme agus á hathbhreithniú acu ón dáta sin ar aghaidh.

Leanfaidh an Roinn le FMS a choinneáil faoi athbhreithniú chun a chinntiú go mbeidh sí fós ina próiseas fiúntach, comhoibríoch agus fianaisebhunaithe lena dtacaítear le feabhas leanúnach ar eispéiris agus torthaí foghlaimeoirí.

Tá an ciorclán seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Oideachais agus Óige ag www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/



4 Samhain 2026